# Scoileanna Caitliceacha: An Gnáthshaol, Glaoite Chun na Naofachta

18–24 Eanáir 2026

## Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra/P1 agus P2

# Snáithaonaid – Leibhéal 1

## LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

### Urnaí

- Nuair a bhímid ag guí labhraímid le Dia agus éistimid leis, cuirimid aithne air agus fásann a ghrá ionainn. (*General Directory for Catechesis*, 139; *Catechism of the Catholic Church* [*CCC*], 2653).
- Ba mhaith le Dia labhairt linne (Gaudium et Spes, 18; *CCC*, 2567).
- Tugann Dia cluas le héisteacht i gcónaí ar ár nguí.

## AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

### Dínit an Duine

- Gránn Dia an uile dhuine (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10-11; *Revised Core Syllabus for Religious Education* [*CSRE*], 3a).
- Iarrtar orm Dia agus daoine eile a ghrá (Matha 22:36-40).
- Bhronn Dia mo mhuintir orm (m.sh. teaghlach) a thugann aire dom agus a léiríonn dom conas grá a thabhairt.
- Léiríonn Íosa dom conas grá agus aire a thabhairt do dhaoine eile (*CCC*, 478, 544, 2443–6).

## BRIATHAR DÉ

### An Bíobla

- Baineann pobal an pharóiste úsáid as an mBíobla sa séipéal ar an Domhnach (*CSRE*, 1a).
- Múineann an Bíobla dúinn conas Dia a ghrá agus conas maireachtáil de réir toil Dé.
- D'éist Íosa leis an scrioptúr nuair a bhí sé óg (Lúcás 2:46; *CSRE*, 1a).
- Foghlaimímid faoi Íosa ón mBíobla (*CCC*, 65).
- Is é Íosa Mac Dé an duine is tábhachtaí sa Bhíobla.

## AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

### Rúndiamhair Íosa Críost

- Fuair Íosa bás ar an gcros ar Aoine an Chéasta (Marcas15:37; Lúcás 23:46; CCC, 624).
- D'éirigh Íosa ó na mairbh ar Dhomhnach Cásca (Marcas 16:6; Lúcás 24:5; CCC, 638).
- Thaispeáin Íosa é féin do na deisceabail tar éis dó éirí ó na mairbh (Eoin 21:1-14).

# An Luan: Glaoite Chun na Naofachta trí Urnaí

**Smaoinigh**

Ciallaíonn an naofacht go ndéanaimid iarracht maireachtáil de réir mar is mian le Dia dúinn: ár n-aislingí a bhaint amach, ár dtallann mar chlann Dé a úsáid i gceart agus an saol a chaitheamh go hiomlán. Is í an urnaí, croí na naofachta, a bheith i bhfochair Dé inár saol. Do dhaoine óga, ar nós chách, ciallaíonn an urnaí labhairt le Dia agus éisteacht le Dia freisin. Mhúin Íosa dúinn conas guí a dhéanamh agus cabhróidh an ghníomhaíocht seo a leanas leis na daltaí an urnaí mar léiriú ar an gcreideamh Críostaí a thabhairt isteach ina saol.




**Fiosraigh**

1. Cruinnigh na páistí thart timpeall i gciorcal.
2. Las coinneal le taispeáint go bhfuil sé in am urnaí. Abair leis na leanaí: 'Nuair a bhímid ag guí, bímid ag labhairt le Dia agus ag éisteacht leis. Cabhraíonn an urnaí linne a bheith i dteannta Íosa agus a bheith naofa, rud a chiallaíonn go ngráimid Dia agus an duine eile.
3. Cuir na ceisteanna simplí machnamhacha seo:
    - 'Cé hiad na daoine lena labhraíonn tú gach lá?'
    - 'An dóigh libh gur féidir linne labhairt le Dia chomh maith?'
    - 'Conas mar a mhothaíonn tú nuair a bhíonn an duine eile ag éisteacht leat?'
4. Roinn véarsa simplí ón mBíobla leo: 'Arsa Íosa, "Ligigí do na leanaí teacht chugam"' (Marcas 10:14).
5. Mínigh: 'Is aoibhinn le hÍosa na leanaí a bheith ag guí. Ba mhaith leis go mbeimis ina theannta.'
6. Taispeáin pictiúr d'Íosa i measc na bpáistí.
7. Pléigh: 'Nuair a ghuímid, bímid ar nós na leanaí sa phictiúr – ag suí i dteannta Íosa.'

### Gníomhaíocht

- Bronn cóip den bhileog oibre le himlíne na lámh in urnaí air, ar chách.
- Iarr orthu dathú nó tarraingt a dhéanamh ar rud a ghabhann siad buíochas le Dia as, taobh istigh den imlíne.
- Bailigh na pictiúir agus leag in aice le coinneal na hurnaí iad.
- Cuir deireadh leis an ngníomhaíocht trí phaidir ghearr a rá lena chéile:
  'Míle buíochas a Íosa as an ngrá a thugann tú dúinn. Cabhraigh linne a bheith naofa trí ghuí a dhéanamh, agus trí ghrá a léiriú. Amen.'



# An Mháirt: Glaoite Chun na Naofachta trí Chairdeas is Grá

**Smaoinigh**
Ciallaíonn an cairdeas go dtugaimid tacaíocht dá chéile, aire dá chéile agus go léirímid trócaire dá chéile. Mhúin Íosa dúinn conas maireachtáil ar an mbealach seo sa chaoi inar mhair sé i rith a shaoil féin. Iarrann Íosa ar na deisceabail (a chairde) é a leanúint ar bhealach cairdiúil grámhar.



## Fiosraigh

1. Cuir na leanaí i gciorcal agus cros nó pictiúr naofa i lár baill.
2. Abair: 'Iarrann Dia orainne a bheith naofa, sé sin go ngráimis Dia agus a chéile. Bealach amháin chun a leithéid a léiriú ná trí chairdeas is grá.'
3. Iarr ar na páistí:
   - Cé hiad do chairde?'
   - 'Conas mar a léirímid cúram dár gcairde?'
4. Dearbhaigh na freagraí agus mínigh dóibh go múineann Íosa dúinn conas a bheith mar chara maith.
5. Léigh an scéal gearr simplí ón mBíobla faoi Íosa is a chairde (téacs ar dheis), a mhíníonn grá Íosa dá chairde agus gur leanadar siúd é.
6. Taispeáin pictiúr d'Íosa lena chairde.
7. Mínigh: 'Múineann Íosa dúinn grá a thabhairt dá chéile, an roinnt a dhéanamh agus a bheith cineálta. Bímid naofa nuair a dhéanaimid a leithéid.'
8. Machnaigh-Péireáil-Roinn go tapa: 'Cén rud cineálta a dhéanfá do do chara inniu?'

## Íosa agus a Chairde


Bhí Íosa ag siúl cois trá, lá. Thug sé na deartháireacha Peadar agus Aindrias faoi deara. Bhíodar ag iascaireacht lena líonta. Arsa Íosa leo, 'Tagaigí liomsa.'
D'fhágadar na líonta láithreach agus d'imíodar leis. Is ansin a thug Íosa beirt deartháireacha eile faoi deara, ba iad sin Séamas agus Eoin. Ghlaoigh sé orthusan chomh maith.
D'fhágadar san an bád agus leanadar Íosa. Bhí grá mór ag Íosa dá chairde, agus leanadar siúd go dílis é. D'fhoghlaimíodar uaidh conas Dia agus a chéile a ghrá.

(In oiriúint ó Mhatha 4:18-22.)

### Gníomhaíocht

1. Bronn cóip an duine den bhileog oibre le himlíne an chroí ar na daltaí.
2. Iarr orthu sampla de dhuine a bheith mar chara maith a tharraingt nó a dhathú.
3. Gearr amach agus bailigh na croíthe agus cuir sa spás beannaithe iad.
4. Cuir deireadh leis an ngníomhaíocht trí phaidir ghearr a rá lena chéile:
   'Míle buíochas a Íosa as na cairde a thugann tú dom. Cabhraigh liom grá a thabhairt do chách, díreach mar a ghránn tusa mise. Amen.'

## *Glaoitear Chun na Naofachta muid trí Chairdeas is Grá*



# An Chéadaoin: Glaoite Chun na Naofachta i Saol an Teaghlaigh (Lá na Seantuismitheoirí)

**Smaoinigh**

Léiríonn Dia grá agus cúram dúinn trí shaol an teaghlaigh. Tugann seantuismitheoirí grá agus cúram dúinn. Is é an teaghlach bunchill gach grúpa pobail – an scoil, an paróiste, 7rl. Foghlaimíonn páistí a gcéad luachanna sa bhaile trí thosaíochtaí na dtuismitheoirí agus na seantuismitheoirí a thabhairt faoi deara. Ar an lá seo ach go háirithe, tugaimid aird ar na seantuismitheoirí agus ar an ról atá acu i saol an teaghlaigh agus i saol na bpáistí. Tacaíonn na seantuismitheoirí leis na tuismitheoirí ina ról agus baineann tábhacht leo i saol an linbh. Tá tíolacthaí tábhachtacha ag gach glúin le tabhairt ar aghaidh don chéad ghlúin eile, agus an creideamh i nDia ina measc.



**Fiosraigh**

Pléigh ról na seantuismitheoirí ó thaobh grá agus aire a thabhairt do na garpháistí.

- Conas mar a ghránn do sheantuismitheoirí tú, agus aire a thabhairt duit?
- Cad iad na rudaí is tábhachtaí do do sheantuismitheoirí?
- Conas mar a thabharfá grá agus aire do na seantuismitheoirí?

**Nasc leis an Scrioptúr**

'Gach uair dá gcuimhiním oraibh gabhaim buíochas le mo Dhia.
Agus gach uair a bhím ag guí, déanaim guí oraibh uile go lúcháireach.' (Fil 1:3-4)

**Gníomhaíocht**

Bain úsáid as leathanach A4 nó as cairtchlár daite le pictiúr a dhéanamh de sheantuismitheoir(í) ionas go bhféadfá é a bhronnadh orthu an chéad uair eile a bhuaileann tú leo.

# An Déardaoin: Glaoite Chun na Naofachta trí Mhisneach is Freastal

**Smaoinigh**

Is féidir linne a bheith naofa ar bhealaí éagsúla. D'fhoghlaimíomar faoi conas mar a chuidíonn an urnaí linne a bheith níos naofa. Tugtar cuireadh dúinne freisin a bheith níos naofa trínár ngníomhartha. Thaispeáin Íosa dúinn ina shaol féin conas a bheith cróga agus conas freastal ar dhaoine eile. Caithfimid úsáid a bhaint as ár mbuanna agus as ár dtallann chun cabhrú le daoine eile.



**Fiosraigh**

1. Cuir cros nó coinneal lasta ag barr an tseomra le meabhrú do na daltaí gur am ar leith i rith an lae é seo le labhairt faoi Íosa.
2. Abair: 'Cuireann Dia glao chun na naofachta orainn. Caithfimid maireachtáil mar a mhair Íosa. Is féidir é seo a dhéanamh trí chabhrú le daoine eile (freastal) agus trí bheith cróga (misneach).'
3. Cuir na ceisteanna machnamhacha seo:
   - 'Cathain ar chabhraigh tusa le duine eile ar scoil nó sa bhaile?'
   - 'Cathain a raibh tú cróga, fiú más rud é go raibh iarracht den eagla ort?'
4. Dearbhaigh na freagraí agus nasc lena chéile iad: 'Nuair a bhímid cróga agus ag freastal, bíonn grá Dé á léiriú againn.'
5. Leigh an scéal gearr simplí ón mBíobla faoi Íosa ag ní cosa na ndeisceabal (téacs thíos), scéal a léiríonn an chrógacht agus an freastal.
6. Mínigh do na leanaí: 'Chuaigh Íosa ar a ghlúine agus nigh sé cosa na gcairde. Seo gnó don searbhónta, ach léirigh Íosa an naofacht a bhaineann le freastal a dhéanamh ar an duine eile.'
7. Cuir béim air: 'Ní raibh eagla ar Íosa a bheith ag freastal. Léirigh sé dá chairde go gciallaíonn an naofacht, freastal grámhar a dhéanamh ar dhaoine eile.'
8. Iarr ar na páistí:
   - 'Conas mar a rinne Íosa freastal ar a chairde?'
   - 'Conas mar a dhéanfá-sa freastal ar dhuine eile inniu?'


## Níonn Íosa Cosa na gCairde

Tráthnóna áirithe, shuigh Íosa agus a chairde síos leis an suipéar a ghlacadh. Sular n-itheadar, rinne Íosa rud a bhí thar a bheith neamhghnách. D'éirigh sé ón mbord agus chuir uisce i mbabhla.
Chuaigh sé ar a ghlúine os comhair a chuid cairde. Nigh sé na cosa díobh, duine i ndiaidh a chéile.
Thriomaigh sé go cúramach iad le tuáille. Bhí ionadh an domhain ar chách!
De ghnáth, ba é an searbhónta a nigh na cosa, ní an máistir! Ach arsa Íosa leo:
'Is mise an Tiarna agus an Máistir oraibhse.
'Nigh mé na cosa ionaibh leis an ngrá agus an freastal a léiriú.
'Anois, déanaigí amhlaidh dá chéile.'
Léirigh Íosa dá chairde gur ionann an naofacht agus cabhair, grá agus freastal a chur ar fáil don duine eile.

(In oiriúint ó Eoin 13:1–15)

## Gníomhaíocht

Bronn cóip den bhileog oibre a léiríonn Íosa ag ní cosa na ndeisceabal ar chách agus iarr orthu é a dhathú.



# An Aoine:
# Glaoite Chun na Naofachta trí Lúcháir is Misean

**Smaoinigh**
Roinnimid an dea-scéala faoi Íosa go lúcháireach, díreach mar a rinne na mná i scéal an aiséirí é, nuair a scaipeadar an nuacht faoi éirí Íosa ó na mairbh leis na deisceabail. Is féidir linne an Soiscéal a scaipeadh agus a roinnt go lúcháireach.



**Fiosraigh**
1. Cuir coinneal nó cros i lár an tseomra a thabharfaidh le fios gur am ar leith é seo le foghlaim faoi Íosa.
2. Abair: 'Cuireann Dia glao chun na naofachta orainn. Is féidir a leithéid a dhéanamh trí shaol lúcháireach a chaitheamh agus Soiscéal Íosa a roinnt le cách.'
3. Cuir na ceisteanna simplí machnamhacha seo:
   - 'Cad a chuireann áthas agus lúcháir ort?'
   - 'Conas mar a roinneann tú an lúcháir leis an teaghlach agus le do chairde?'
4. Mínigh: 'Nuair a bhíonn aoibh orainn, nuair a roinnimid agus nuair a labhraímid le daoine eile faoi Íosa, beirimid an lúcháir linn. Sin an misean atá romhainn – grá Dé a scaipeadh.'
5. Léigh an scéal gearr simplí ón Soiscéal faoi na mná agus an tuama folamh (téacs thíos).
6. I ndiaidh an scéil iarr orthu:
   - 'Cén fáth a raibh lúcháir ar na mná?'
   - 'Cé lenar inis siad an dea-scéala?'
   - 'Cé hiad na daoine a roinnimis grá Íosa leo inniu?'

## Na Mná ag an Tuama Folamh

Go luath ar maidin tháinig Máire Mhaigdiléana agus a cara chuig tuama Íosa. Bhí an-bhrón orthu toisc go bhfuair Íosa bás.
Bhog an talamh go tobann!
Tháinig aingeal ó neamh leis an mbollán ollmhór ag béal an tuama a bhogadh. Bhí an t-aingeal níos gile ná an ghrian. Theith na gardaí agus uamhan orthu.
Arsa an t-aingeal leis na mná:
'Ná bíodh eagla oraibh. Níl Íosa anseo. Tá sé éirithe beo ó na mairbh!' Líonadh na mná le lúcháir!
Ritheadar go tapa leis an dea-scéal a scaipeadh i measc chairde Íosa. Bhuail Íosa leo ar an mbealach.
'Ná bíodh eagla oraibh,' ar sé. 'Imigh agus abair le mo chairde teacht chun bualadh liom.' Bhí áthas an domhain ar na mná.
Chonaic siad Íosa éirithe beo!
Ritheadar leis an dea-scéala a roinnt le cách.

(In Oiriúint ó Mhatha 28:1-10.)

## Gníomhaíocht

### Gníomhdhán: 'Timirí an Lúcháir'

Gníomh: 👐 *Taispeáin na Lámha*

Gránn Íosa mé go fíor,

Gníomh: 😃 *Taispeáin Aoibh an Gháire*

Roinnfidh mé a ghrá de shíor.

Gníomh: 🚶 *Greadadh cos ar an spota*

Scaipfidh mise Ríocht Dé,

Gníomh: ❤️ *Lámha ar do chroí*

Lúcháir Íosa ar feadh an lae.

Gníomh: 🙌 *Lámha in airde*

Léireoidh mise meas is grá,

Gníomh: 👏 *Bualadh lúcháireach bos*

An Soiscéal i ngníomh gach lá!